An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

Ag Breathnú ar an nGaeilge

Dréacht-Treoir d'Iar-Bhunscoileanna

Cigireacht na Roinne Oideachais agus Óige
www.gov.ie/ROCigireacht
Deireadh Fómhair 2026

Clár na nÁbhar

Réamhrá 3

Foinsí fianaise féideartha le háireamh mar chuid de phróisis féin-athbhreithnithe na roinne ábhair 3

Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne ábhair 4

Torthaí na bhfoghlaimeoirí 5

Eispéiris na bhfoghlaimeoirí 7

Cleachtas aonair na múinteoirí 9

Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí 11

An doiciméad seo a úsáid chun tacú le do straitéis scoile uile FMS – sampla praiticiúil 15

Foinsí tagartha breise chun tacú le ranna ábhair féinmheastóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar theagasc na Gaeilge 19

Réamhrá

Tá *Ag Breathnú ar an nGaeilge (2026)* réitithe ag cigirí Gaeilge chun cur go dearfach le teagasc, foghlaim agus measúnú san ábhar in iar-bhunscoileanna. Leis an treoir, féachtar le cleachtais féin-athbhreithnithe atá ann cheana a shaibhriú, eiseamláirí de chleachtais an-éifeachtach a fuarthas ó chigireachtaí ábhair a roinnt, agus cabhrú le ranna Gaeilge próisis féin-athbhreithnithe ag leibhéal ábhair a nascadh leis an bhféinmheastóireacht ag leibhéal scoile uile.

Cuirtear na míreanna i láthair san ord seo a leanas:

- Liosta molta d'fhoinsí fianaise féideartha chun tacú le féin-athbhreithniú roinn na Gaeilge. Agus machnamh déanta ag múinteoirí ar a gcomhthéacs féin, d'fhéadfaí foinsí breise fianaise, go háirithe iadsan a bhaineann le sainchomhthéacs teanga agus sainriachtanais na scoláirí, a aithint
- Forbhreathnú ar conas is féidir na réimsí foghlama agus teagaisc atá in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* (uasdátaithe Eanáir 2024) a úsáid chun tacú le forbairtí i gcleachtas aonair agus i gcleachtas comhchoiteann na roinne Gaeilge
- Cíoradh ar gach réimse atá in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne* mar aon le himscrúdú ar conas ar féidir iad seo a úsáid chun tacú le féinmheastóireacht roinn na Gaeilge. Soláthraítear ceisteanna leide chun tacú le hathbhreithniú na roinne agus eiseamláirí ar conas a d'fhéadfaí an próiseas a chur i bhfeidhm ag leibhéal na roinne ábhair
- Sampla praiticiúil d'fhéinmheastóireacht (FMS) ag leibhéal an ábhair/na roinne á nascadh leis an bpróiseas ag leibhéal na scoile uile
- Foinsí tagartha breise chun tacú le féinmheastóireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc na Gaeilge.

Foinsí fianaise féideartha le háireamh mar chuid de phróisis féin-athbhreithnithe na roinne ábhair

- Breathnóireachtaí an mhúinteora ar ghnóthachtáil nó ar dhul chun cinn scoláirí thar na scileanna teanga, ag tarraingt ar réimse foinsí, lena n-áirítear obair scríofa na scoláirí maille lena rannpháirtíocht i dtascanna cruthaitheacha nó comhfhoghlama
- Faisnéis faoi ghnóthachtáil scoláirí ag an mbunleibhéal a bailíodh mar chuid den bpróiseas aistrithe scoile
- Pointí plé a éiríonn as athbhreithniú, mar mhúinteoir aonair nó mar bhuíon múinteoirí, ar eiseamláirí d'obair scoláirí, nó ar eiseamláirí atá ar fáil ar shuíomh CNCM ag Samplaí de shaothar scoláirí – Gaeilge T1 nó Samplaí de shaothar scoláirí - Gaeilge T2 | Curriculum Online
- Sonraí i dtaca le gnóthachtáil scoláirí i measúnaithe ranga agus comónta, measúnaithe rangbhunaithe agus a dtorthaí i measúnuithe seachtracha
- Aiseolas ó scoláirí ar a n-eispéiris foghlama, curtha ar fáil trí shuirbhéanna, grúpaí

fócais agus gníomhaíochtaí machnaimh le linn ceachtanna
- Miontuairiscí cruinnithe roinne agus cruinnithe um athbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair (AFMÁ) ina dtagraítear do chleachtas éifeachtach agus do dhúshláin atá ag teacht chun solais
- Machnamh ar chinntí a bhí mar bhonn le leasuithe ar aonaid foghlama na mbliainghrúpaí
- Aiseolas ó bhaill na roinne ábhair trí shuirbhéanna nó trí chruinnithe roinne
- Comhphlé ar an éifeacht a bhain le cur i bhfeidhm straitéisí a moladh ag ócáidí um fhoghlaim ghairmiúil
- Eolas ón bhfoireann Oideachais Speisialta i dtaca le gnóthachtáil scoláirí i measúnuithe caighdeánaithe agus le riachtanais oideachais aitheanta na scoláirí
- Plé ag leibhéal roinne ar fhéidearthachtaí do chomhtháthú na teicneolaíochta digití in eispéiris teagaisc, foghlama agus measúnaithe
- Cinntí agus moltaí i dtuairiscí ar chigireachtaí ábhair
- Sonraí atá bailithe ag leibhéal scoile uile mar chuid de phróiseas féinmheastóireachta na scoile nó mar chuid den phleanáil DEIS.

Tá tuilleadh acmhainní agus ábhar chun tacú le FMS ar fáil ag Féinmheastóireachta Scoile - Próiseas Sé-Chéim

Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna a úsáid chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne ábhair

In *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna* (uasdátaithe Eanáir 2024) soláthraítear sraith caighdeán chun cabhrú le múinteoirí agus le ceannairí scoile measúnú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is atá a gcleachtas agus chun treoir i dtreo feabhsúcháin a thabhairt dóibh. Laistigh den chreat seo, breathnaítear ar theagasc agus ar fhoghlaim trí na ceithre réimse seo atá éagsúil óna chéile, cé go bhfuil siad idirghaolmhar agus uaireanta forluiteach:

• **Torthaí na bhfoghlaimeoirí** • **Eispéiris na bhfoghlaimeoirí**	• **Cleachtas aonair na múinteoirí** • **Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí**

Tar éis na ngnéithe cleachtais, ar ghá meastóireacht a dhéanamh orthu, a aithint agus a chomhaontú, ba chóir do scoileanna breathnú níos géire ar na réimsí agus na caighdeáin ábhartha. Feidhmeoidh na ráitis ar chleachtas a bhaineann le gach caighdeán mar thagarmharc úsáideach agus níos mionsonraithe chun cuidiú le scoileanna cinneadh a dhéanamh ar éifeachtacht a gcleachtas. Má dhéanann ranna ábhair machnamh ar réimsí agus caighdeáin na foghlama agus an teagaisc, beidh siad in ann na gnéithe cleachtais atá

ag oibriú go maith, agus iad siúd a d'fhéadfaidís tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh feabhsúcháin, a mheas ar bhealach feasach.

Moltar díriú ar réimse amháin nó dhó le feabhsú seachas an iomarca a ghlacadh ag aon am amháin. Éascófar ar an mbonn seo féin-athbhreithniú incriminteach, leanúnach agus pleanáil feabhsúcháin atá inbhainistithe do mhúinteoirí agus bríoch do scoláirí.

Torthaí na bhfoghlaimeoirí

Cuimsítear leis an réimse seo, agus na caighdeáin ghaolmhara, dearcadh na scoláirí i leith na foghlama; a dtuiscint orthu féin agus ar dhaoine eile; an sealbhú a dhéanann siad ar eolas agus scileanna curaclaim; agus a leibhéil ghnóthachtála.

Nuair a bhíonn torthaí na bhfoghlaimeoirí á bhfiosrú, féadfaidh roinn na Gaeilge na caighdeáin ghaolmhara a úsáid chun an méid seo a leanas a mheas:

- Baineann scoláirí taitneamh as a gcuid foghlama, tá siad spreagtha chun foghlama agus tá siad ag súil le gnóthachtáil mar fhoghlaimeoirí
- Tá an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí riachtanacha ag scoláirí chun iad féin agus a gcaidrimh a thuiscint
- Léiríonn na scoláirí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint a theastaíonn ó churaclam na hiar-bhunscoile
- Baineann na scoláirí amach na torthaí foghlama atá luaite do gach ábhar, cúrsa agus clár.

Ba chóir don roinn aois na bhfoghlaimeoirí, agus an staid ag a bhfuil siad ar a dturas foghlama teanga, a chur san áireamh agus breithiúnais á ndéanamh i dtaca le cáilíocht thorthaí na bhfoghlaimeoirí.

Nuair a bhíonn torthaí na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge ar ardchaighdeán:

Déanann inniúlacht na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge iad a chumasú chun cumarsáid a dhéanamh go muiníneach. Bíonn a bhfiosracht i gcultúr agus in uathúlacht na teanga múscailte. Is as a stuaim féin a bhaineann siad leas as teanga atá sealbhaithe cheana agus éiríonn leo cur lena stór focal agus lena gcuid feasachta de réir a chéile. Tuigeann siad an lárnacht a bhaineann le cruinneas gramadaí agus foghraíochta, saibhreas teanga agus canúintí na Gaeilge chun teachtaireachtaí thar réimse seánraí a thuiscint agus a chur in iúl go rathúil. Aithníonn foghlaimeoirí an luach a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cumarsáide atá dúshlánach, laistigh agus lasmuigh den rang agus den scoil. Glacann siad le haiseolas agus déanann siad féinmhachnamh go géarchúiseach, ag díriú ar bhearnaí ina gcuid foghlama a thagann chun solais nuair a bhíonn siad ag gabháil do thascanna cumarsáideacha.

Ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne:

- An bhfuilimid in ann na foghlaimeoirí Gaeilge rathúla inár scoil a aithint? Cad iad na slite éagsúla ina bhforbraíonn na foghlaimeoirí seo a gcuid scileanna teanga agus conas is féidir linn na saintréithe seo a chothú sna foghlaimeoirí uile?
- Cén dul chun cinn atá déanta ag ár gcuid scoláirí sa teanga, agus an bhfuil cothromaíocht chuí ann thar éisteacht, labhairt, idirghníomhú, léamh agus scríobh?
- An léirítear, i dtorthaí foghlama na n-aonad foghlama agus in intinní foghlama na gceachtanna, go bhfuiltear ag iarraidh tógáil ar leibhéal inniúlachta reatha scoláirí?
- Conas a thacaítear, inár modhanna measúnaithe, le scoláirí a gcuid oibre féin a mheas agus tuiscint a fháil ar a ndul chun cinn ó lá go lá?
- Cé chomh mór is a chruthaítear, trí mhórócáidí measúnaithe na scoilbhliana, deiseanna do scoláirí an fhoghlaim is déanaí atá déanta acu sna scileanna teanga éagsúla, nó ina rogha scil, a léiriú?
- Cé chomh feasach is atá ár gcuid scoláirí ar an bpobal teanga, agus an bhfuil ag éirí linn ár scoláirí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh agus lastall den scoil?

Mar a d'fheabhsaigh roinn ábhair amháin cáilíocht thorthaí na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge:

In aiseolas ó phróiseas scoile uile FMS, thug scoláirí sóisearacha le fios go raibh ionramháil na litríochta Gaeilge ag cruthú dúshlán dóibh. Bhí imní orthu nach gcuimhneoidís ar an eolas a bheadh de dhíth agus iad ag freagairt ceisteanna scrúdaithe. D'aithin múinteoirí nach mbíodh an easpa muiníne chéanna á léiriú ag scoláirí nuair a bhí gnáth-thascanna cumarsáideacha idir lámha acu. Ba léir freisin óna n-aiseolas gur thaitin teicneolaíochtaí digiteacha agus tascanna comhfhoghlama le scoláirí ach go raibh drogall orthu labhairt os comhair an ranga.

D'fhiosraigh múinteoirí taithí na scoláirí ar na seánraí éagsúla agus dearcadh s'acu i leith na litríochta i gcoitinne. Bhí éagsúlacht i dtaithí na scoláirí ar an litríocht, ag brath ar a n-eispéireas ag an mbunleibhéal agus ar a réimse spéise pearsanta. Cé gur thaitin scannáin leis an gcuid ba mhó, bhí fíorbheagán taithí ag mórán ar an drámaíocht. Ba mhinic a thagair scoláirí do thuiscintí a bhain siad as téacsanna Béarla, rud a spreag na múinteoirí Gaeilge chun dul i gcomhairle leis na múinteoirí Béarla chun cuir chuige teagaisc a phlé. An difríocht ba mhó a bhí idir na cuir chuige ná go raibh mionchíoradh den saghas céanna á dhéanamh ar shaothair Ghaeilge, beag beann ar staid foghlama teanga na scoláirí.

Díríodh sa phlé tras-rannach ar straitéisí difreála chun go bhféadfaí gníomhaíochtaí foghlama na Gaeilge a oiriúnú do chumas agus d'aibíocht na scoláirí. Mar thoradh air seo, d'fhás comhthuiscintí ní ba dhoimhne idir na múinteoirí Gaeilge agus Béarla, agus aithníodh conas a d'fhéadfadh scoláirí foghlaim ó ábhar amháin a chur i bhfeidhm in ábhar eile. Thug na scoláirí le

fios gur chabhraigh an chomóntacht sa chur chuige ionramhála go mór leo. Ina theannta seo, thaitin sé leo freagairt do théacsanna liteartha trí thascanna ina raibh orthu a gcuid scileanna teanga, criticiúla agus cruthaitheacha a léiriú.

Leis an bhfás a tháinig ar mhuinín na múinteoirí Gaeilge, thosaigh siadsan ag moladh spreagábhar agus gníomhaíochtaí foghlama féideartha do na múinteoirí Béarla. Mar chéad chéim eile, bhí sé i gceist ag an dá roinn féachaint go comhoibríoch ar chuir chuige sa dá ábhar i dtaca le forbairt scileanna léitheoireachta na scoláirí.

Eispéiris na bhFoghlaimeoirí

Cuimsítear leis an réimse seo, agus na caighdeáin ghaolmhara, eispéiris foghlama na scoláirí mar a léirítear iad ina leibhéil rannpháirtíochta mar fhoghlaimeoirí; sa chaoi a bhfásann siad mar fhoghlaimeoirí; ina bhféinmhachnamh agus úinéireacht mar fhoghlaimeoirí; agus san fhorbairt a dhéanann siad mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil.

Nuair a bhíonn eispéiris na bhfoghlaimeoirí á bhfiosrú, féadfaidh roinn na Gaeilge na caighdeáin ghaolmhara a úsáid chun an méid seo a leanas a mheas:

- Glacann na scoláirí páirt i ngníomhaíochtaí foghlama bríocha ar bhealach a bhfuil cuspóir leis
- Fásann scoláirí mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus eispéiris atá dúshlánach agus tacúil
- Déanann na scoláirí machnamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus forbraíonn siad mothú úinéireachta agus freagrachta as a bhfoghlaim
- Faigheann scoláirí deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt atá riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Nuair a bhíonn eispéiris na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge ar ardchaighdeán:

Bíonn rannpháirtíocht bhríoch na scoláirí múscailte ag ábhar ceachta atá nasctha lena réimse spéise agus ag cur chuige spreagúil lena léirítear an fiúntas a bhaineann lena leibhéal inniúlachta a fhorbairt. Déanann scoláirí cleachtadh ar theanga nua-mhúinte trí pháirt a ghlacadh i dtascanna cumarsáideacha agus bíonn na frásaí a bhíonn de dhíth chun idirghníomhú trí Ghaeilge sealbhaithe acu. Baineann siad taitneamh as an sprioctheanga a úsáid lena chéile nó lasmuigh den rang agus den scoil.

Bíonn sé de mhuinín ag scoláirí dul sa seans, botúin a dhéanamh agus tabhairt faoi dhúshlán ar mhaithe le rud nua a fhoghlaim. Bíonn siad ag machnamh agus lorgaíonn siad comhairle óna chéile agus óna múinteoirí.

Bíonn sé de chumas acu leas a bhaint as acmhainní teanga agus ábhar tagartha eile, lena n-áiritear teicneolaíochtaí digiteacha agus a gcuid nótaí féin, chun

> úinéireacht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin agus cinntí a dhéanamh go neamhspleách ar an múinteoir.

Ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne:

- Conas a chruthaítear deiseanna d'fhíorchumarsáid (m.sh. eolas a lorg, comhairle a thabhairt) chun tógáil ar leibhéal inniúlachta na bhfoghlaimeoirí?
- Conas a mhisnímid agus a chumasaímid foghlaimeoirí chun an rud atá ag rith leo a chur in iúl as a stuaim féin?
- An léir do scoláirí cá luíonn an obair a dhéanann siad i gceachtanna aonair leis an bhfoghlaim atá beartaithe d'aonad foghlama nó de scéimeanna oibre ina iomláine agus leis an bhfoghlaim don saol?
- Conas a dheimhnítear go mbíonn dúshlán cuí sna gníomhaíochtaí foghlama d'fhoghlaimeoirí atá níos inniúla ar labhairt na Gaeilge ná formhór a gcomhscoláirí?
- Cé chomh mór is atá ionramháil na dtéacsanna litríochta agus na dtéacsanna dílse eile ag tacú le cur chun cinn scileanna teanga agus feasacht teanga agus chultúrtha na scoláirí?
- An bhfuil dóthain deiseanna á dtapú chun scoláirí a spreagadh chun a gcuid Gaeilge a úsáid timpeall na scoile agus lasmuigh den scoil?

> **Mar a d'fheabhsaigh múinteoir amháin cáilíocht eispéiris na bhfoghlaimeoirí sa Ghaeilge:**
>
> Thug an múinteoir faoi deara go raibh scoláirí na chéad bhliana ag úsáid an Bhéarla le linn tascanna comhfhoghlama. Mhínigh na scoláirí gur thuig go leor acu luach na Gaeilge sa seomra ranga ach nach raibh teanga na hidirghníomhaíochta sealbhaithe acu fós. Bhí drogall ar chuid acu Gaeilge a labhairt, cé go raibh inniúlacht mhaith ag cuid eile, agus cuid eile fós a d'fhreastail ar ghaelscoil.
>
> Tar éis machnamh a dhéanamh ar na dúshláin, thuig an múinteoir go gcaithfí dul i bhfeidhm go dearfach ar mheon na scoláirí trí theanga na hidirghníomhaíochta a theagasc dóibh ar bhealach tuisceanach, tacúil agus spreagúil. Labhair sí leis an rang faoin tábhacht a bhaineann le Gaeilge a úsáid mar theanga bheo agus mar bhealach chun muinín agus inniúlacht a fhorbairt. Thug sí deis do na scoláirí aiseolas gan ainm a thabhairt agus roinn sí torthaí an aiseolais leis an rang. Le chéile, d'aontaigh siad conradh maidir le húsáid na Gaeilge agus liosta straitéisí chun tacú lena chur i bhfeidhm.
>
> Mar chuid den chonradh, gheall gach scoláire go ndéanfaidís iarracht an Ghaeilge a bhí acu a úsáid. Mar thaca leis seo, beartaíodh go gcaithfí roinnt ceachtanna ag imirt cluichí boird le go rachadh scoláirí i dtaithí ar a bheith ag déanamh comhrá faoi ghníomhaíochtaí. Ar dtús, bhí na scoláirí cúthail, ach le

spreagadh óna chéile bhí sé de mhisneach acu míniú a thabhairt agus ceisteanna a chur as Gaeilge. D'éist an múinteoir leis na comhráití, ag ceartú go cneasta agus ag cur dul na Gaeilge ar na frásaí. Chnuasaigh sí na frásaí ba choitianta agus chleachtaigh sí iad leis an rang. Chruthaigh sí *aide-mémoire* i gcomhar leo agus thug sí cóip do gach scoláire mar áis thagartha.

Cleachtas aonair na múinteoirí

Cuimsítear leis an réimse seo agus na caighdeáin ghaolmhara eolas agus scileanna na múinteoirí; an úsáid a bhaineann siad as cleachtais lena chuirtear foghlaim na scoláirí chun cinn; an úsáid a bhaineann siad as cuir chuige chuí teagaisc; agus a bhfreagracht do riachtanais foghlama aonair.

Nuair a bhíonn cleachtas aonair na múinteoirí á bhfiosrú, féadfaidh na múinteoirí Gaeilge na caighdeáin ghaolmhara a úsáid chun an méid seo a leanas a mheas:

- Tá an t-eolas ábhair, an t-eolas oideolaíoch agus na scileanna bainistíochta ranga riachtanacha ag an múinteoir
- Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais ullmhúcháin agus mheasúnaithe lena gcuirtear foghlaim na scoláirí chun cinn
- Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cuir chuige teagaisc a oireann do na hintinní foghlama agus do riachtanais foghlama na scoláirí
- Freagraíonn an múinteoir do riachtanais foghlama aonair agus déanann siad gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc a idirdhealú de réir mar is gá

Nuair a bhíonn cleachtas aonair an mhúinteora sa Ghaeilge ar ardchaighdeán:

Bíonn dáimh ag múinteoirí leis an nGaeilge agus é mar mhian acu go sealbhódh scoláirí an teanga. Labhraíonn siad Gaeilge chomh minic agus is féidir agus spreagann siad scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid an oiread agus is féidir. Bíonn siad airdeallach ar réimse spéise, inniúlachtaí teanga agus gnáthshaol na scoláirí nuair a bhíonn siad ag smaoineamh ar réimsí foghlama féideartha. Déanann múinteoirí machnamh cúramach ar na modhanna teagaisc agus acmhainní is oiriúnaí don bhfoghlaim atá le déanamh, ag cur riachtanais idirdhealaithe agus réamhfhoghlaim na scoláirí san áireamh nuair a bhíonn gníomhaíochtaí á ndearadh. Baineann siad leas as teicneolaíochtaí digiteacha agus acmhainní tarraingteacha eile chun suim agus rannpháirtíocht na scoláirí a spreagadh.

Baineann múinteoirí leas as ceisteanna chun measúnú a dhéanamh, cumarsáid a chur sa siúl agus scoláirí a mhealladh isteach in ábhar an cheachta. Bíonn siad ag súil leis go ndéanfaidh scoláirí a ndícheall dá bhfreagairt agus léiríonn siad do scoláirí conas freagra níos forbartha a chumadh. Cuireann siad eolas atá soláimhsithe i láthair chun gur féidir le scoláirí ciall a bhaint as. Déanann siad measúnú rialta ar obair scríofa na scoláirí agus áirítear ina gcuid aiseolais treoir chuiditheach d'fhonn cabhrú le scoláirí caighdeán a gcuid oibre a fheabhsú.

Aithníonn múinteoirí an tábhacht a bhaineann le hilteangachas agus pléann siad cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha agus cultúir leis na scoláirí chun a gcuid feasachta teanga a dhoimhniú.

Ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne:

- Cén éifeacht a bhíonn ag cleachtas na scoile seo i leith úsáid na sprioctheanga le linn ceachtanna Gaeilge ar inniúlacht agus ar dheisbhéalacht na scoláirí?
- Conas a chuirtear úsáid na Gaeilge mar theanga na hidirghníomhaíochta chun cinn, agus conas a dheimhnímid nach dtagann fócas ar an gcruinneas salach ar an bhfíorchumarsáid?
- Conas mar a chabhraíonn ár straitéisí teagaisc le foghlaim rathúil na scoláirí agus conas a d'fhéadfaimis díriú ní b'éifeachtaí ar a riachtanais idirdhealaithe?
- Conas mar a chuireann ceistiú an mhúinteora, agus scoláirí ag ceistiú a chéile, an fhoghlaim chun cinn?
- An mbíonn na critéir ratha a chruthaímid soiléir go leor le gur féidir le scoláirí tabhairt faoi thascanna foghlama go neamhspleách?
- Conas is fearr scileanna léitheoireachta agus léamhthuisceanna foghlaimeoirí a fhorbairt?
- Cén taithí a thugaimid d'fhoghlaimeoirí ar a bheith ag éisteacht le canúintí na Gaeilge?
- An mbíonn dóthain deiseanna ag foghlaimeoirí an nGaeilge a úsáid go cruthaitheach?
- Conas is féidir le múinteoirí tascanna comhfhoghlama a bhainistiú ar mhaithe le foghlaim fhónta a dheimhniú do na rannpháirtithe uile? Cad é ról an mhúinteora le linn tascanna comhfhoghlama?

Mar a rinne baill de roinn ábhair athbreithniú ar chur chuige measúnaithe chun freagairt do riachtanais foghlama na scoláirí

Thug múinteoirí faoi deara nach raibh scoláirí na chéad bhliana misniúil agus iad i mbun tascanna cainte agus cleachtaí beaga scríbhneoireachta. Chuir na múinteoirí plean gnímh le chéile ina raibh sé mar mhórsprioc misneach agus líofacht scoláirí, ina gcuid cainte agus scríbhneoireachta, a fheabhsú.

D'úsáid siad sonraí measúnaithe, lena n-áiríodh treochtaí ag eascairt as ceartúchán ar obair bhaile agus ceistiú sa rang, chun léargas a fháil ar bhearnaí i bhfoghlaim na scoláirí. As sin, tháinig siad ar spriocanna teanga-bhunaithe réalaíocha don chéad téarma a bhí fréamhaithe sna hinniúlachtaí ba lárnaí i rang a sé ag an mbunleibhéal. D'fhorbair siad spreagcheisteanna a thacódh lena machnamh aonair féin agus roinn siad straitéisí a chuirfeadh scoláirí ag

machnamh ar cháilíocht a gcuid foghlama lena chéile. Le cúnamh ó na scoláirí, chruthaigh na múinteoirí ábhar clóite mar scafall do scoláirí agus iad i mbun cumarsáide sa rang. Áiríodh leis seo leaganacha cearta de na hearráidí gramadaí ba choitianta maille le samplaí de frásaí coitianta ina raibh béim ar chomhréir cruinn, dul na teanga agus nathanna saibhre. I gcomhar leis na scoláirí, réitíodh cód ceartúcháin freisin.

Lean na múinteoirí ag bualadh le chéile chun a dtaithí ar fheidhmiú an phlean gnímh a roinnt lena chéile. Phléigh siad a raibh tugtha faoi deara acu ó ghníomhaíochtaí measúnaithe éagsúla lena n-áiríodh spreagcheisteanna comónta a d'fhreagair scoláirí, obair scríofa na scoláirí agus feidhmiú na scoláirí le linn tascanna sa rang.

Mar thoradh ar an bplé rialta seo, agus an léirthuiscint a fuair na múinteoirí ar an gcaoi a d'fhéadfaí torthaí foghlama ón tSonraíocht a roghnú chun díriú go sonrach ar bhearnaí foghlama aitheanta, d'éirigh ní b'fhearr le pleanáil chomhoibríoch na roinne. D'éirigh múinteoirí ní ba mhuiníní i ndearadh gníomhaíochtaí foghlama agus ní ba chruthaithí ina gcur chuige measúnaithe. Ó ba rud é gurbh aiseolas ó scoláirí a threoraigh go leor de dhearadh na ngníomhaíochtaí foghlama, thuig na scoláirí an luach a bhain leis na gníomhaíochtaí ina raibh siad páirteach. Thug an tsoiléireacht faoin bhfoghlaim ugach do na scoláirí; rud a spreag iad chun dul sa seans, an cód ceartúcháin a úsáid agus cúnamh a thabhairt dá chéile.

Leis an bhfeabhas a tháinig ar fhéinfheasacht na scoláirí, b'fhearr an tuiscint a bhí acu ar aiseolas an mhúinteora agus conas gníomhú air. Ba chuidiú an próiseas le héadromú ualach ceartúcháin na múinteoirí freisin.

Cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí

Cuimsítear leis an réimse seo agus na caighdeáin ghaolmhara forbairt ghairmiúil agus comhoibriú na múinteoirí; a gcomhoibriú chun deiseanna foghlama na scoláirí a leathnú agus a shaibhriú; a n-úsáid chomhchoiteann as cleachtais mheasúnaithe iontaofa; agus roinnt a gcuid saineolais chun acmhainn a thógáil.

Nuair a bhíonn cleachtas comhchoiteann/comhoibríoch na múinteoirí á bhfiosrú, féadfaidh na múinteoirí Gaeilge na caighdeáin ghaolmhara a úsáid chun an méid seo a leanas a mheas:

- Bíonn meas ag múinteoirí ar an bhfoghlaim ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu
- Oibríonn múinteoirí le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus lasmuigh de

- I gcomhar lena chéile, forbraíonn múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais mheasúnaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasmhach agus iontaofa
- Cuidíonn múinteoirí leis an acmhainn foirne uile a fhorbairt trína saineolas a roinnt

Nuair a bhíonn cleachtas comhoibríoch na múinteoirí sa Ghaeilge ar ardchaighdeán:

Léiríonn an chaoi a n-úsáideann múinteoirí an Ghaeilge lena chéile mar ghnáthchleachtas gur teanga bheo í sa scoil. Feidhmíonn siad mar phobal cainteoirí le hardinniúlacht sa teanga. Tapaíonn siad deiseanna an Ghaeilge a úsáid agus ar idirghníomhú trí Ghaeilge mar shlí chun cáilíocht a gcuid Gaeilge féin a chothú. Aithníonn siad luach an chomhoibrithe, na deiseanna a bhaineann le comhoibriú chun foghlaim ghairmiúil a threisiú san áireamh. Tuigeann siad buanna agus spéiseanna a chéile agus tagann siad le chéile go rialta mar phobal cleachtais chun gnéithe dá gcuid oibre a roinnt agus a fheabhsú. Bíonn siad ar an eolas faoin taighde is déanaí ar fhoghlaim teangacha agus ar fhoghlaim i gcoitinne, tugann siad cuireadh dá chéile breathnú ar cheachtanna leo, agus bíonn taisclann d'eiseamláirí ar obair scoláirí á gcnuasú acu go leanúnach.

Aithníonn siad an luach a bhaineann le foghlaimeoirí a chur ag úsáid na Gaeilge le húsáideoirí eile, laistigh agus lasmuigh den scoil. Uime sin, cruthaíonn siad naisc le scoileanna agus le heagraíochtaí Gaeilge eile. De réir mar a aithníonn siad naisc idir foghlaim na Gaeilge agus foghlaim i réimsí eile, oibríonn siad i gcomhar le múinteoirí eile chun eispéiris foghlama spreagúla, lena bhforbraítear scileanna agus inniúlachtaí éagsúla, a dhearadh.

Oibríonn siad go dlúth leis an bhfoireann oideachais speisialta chun tuiscint a fháil ar riachtanais scoláirí atá ar phlean soláthair na scoile, chun slite ar féidir tacú leo go héifeachtach a fhiosrú agus chun a rannpháirtíocht fhónta i gceachtanna a dheimhniú. Pléann siad mar roinn conas is fearr freastal ar riachtanais éagsúla agus glacann siad cur chuige láidreacht-bhunaithe nuair a bhíonn siad ag pleanáil do rannpháirtíocht scoláirí.

Pleanálann siad obair na scoilbhliana go comhoibritheach. Léirítear sna pleananna seo an fhorbairt a dhéanfaidh foghlaimeoirí ar na cúig mhórscil teanga mar chuid de chur chuige comhtháite ina n-úsáidfear raon leathan téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh. Pleananna beo a bhíonn sna scéimeanna oibre agus/nó aonaid foghlama. Bíonn machnamh ar dhul chun cinn scoláirí lárnach ina gcleachtas, agus bíonn dearadh na dtascanna a bhíonn mar chuid d'ócáid mheasúnaithe deireadh aonaid treoraithe ag critéir ratha. Úsáideann siad aiseolas ó scoláirí chun cinntí fianaise-bhunaithe a dhéanamh mar mhúinteoirí aonair agus mar roinn.

Ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith ann chun tacú le féin-athbhreithniú na roinne:

- Cén stádas atá ag an nGaeilge i bpobal na scoile, agus cé chomh mór is a aithnítear í mar ghné thábhachtach d'eispéireas foghlama foriomlán ár gcuid scoláirí?
- Conas is féidir linn dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge, agus i leith foghlaim teangacha, a chothú i measc an phobail scoile uile?
- Cé hiad na baill foirne eile a bhfuil dáimh acu leis an nGaeilge nó atá inniúil go leor ar an teanga chun ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge?
- Conas a chinntímid go dtugtar aitheantas cothrom don chúig mhórscil teanga sa mheasúnú?
- Cén straitéisí a úsáideann múinteoirí Gaeilge, agus múinteoirí teangacha eile, chun inniúlacht scoláirí thar réimse scileanna teanga a fhorbairt?
- Cén chaoi a n-éistimid lena chéile, a roinnimid dea-chleachtas agus a chabhraímid lena chéile chun cáilíocht na foghlama agus cáilíocht na comhphleanála a fheabhsú?
- An bhfuil na modhanna ar a mbailímid aiseolas ó scoláirí éifeachtach, agus cén tuiscint atá againn ar eispéireas foghlama na scoláirí sa bhunscoil?
- Conas mar a chuirimid le soláthar timpeallacht ionchuimsitheach inar féidir le scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais an Ghaeilge a fhoghlaim? Conas is féidir linn a chinntiú go mbíonn deiseanna ag gach scoláire an Ghaeilge a fhoghlaim?
- Cad iad na buanna foghlama is mó a léiríonn ár scoláirí nach bhfuil Gaeilge ná Béarla mar theanga bhaile acu?

Mar a d'fheabhsaigh roinn ábhair Gaeilge amháin cleachtas comhoibríoch múinteoirí tríd an gcomhoibriú ranna agus tras-ranna

I scoil ina raibh fás tapa ag teacht ar líon na scoláirí, thug na múinteoirí Gaeilge faoi deara go raibh méadú ar líon na scoláirí nach raibh Gaeilge ná Béarla mar theanga bhaile acu ina ranganna. Cé go raibh ullmhacht an-mhaith ag na scoláirí seo, bhí bearna shuntasach idir inniúlacht s'acu sa Ghaeilge agus inniúlacht a gcomhscoláirí. Thuig na múinteoirí go raibh gá lena gcur chuige a oiriúnú chun leas a bhaint as ardfheasacht teanga na bhfoghlaimeoirí dátheangacha agus ilteangacha seo.

D'aithin siad go raibh tuiscint réasúnta láidir ag na scoláirí seo ar an nGaeilge mar chóras teanga: léirigh a gcuid ceisteanna go raibh difríochtaí idir na teangacha a bhí in úsáid thart timpeall orthu ina saol laethúil á dtabhairt faoi deara acu. Chonaic na múinteoirí gurbh fhiú cur chuige ní ba sholúbtha a fhorbairt chun an acmhainn seo a chothú.

Shocraigh an roinn leanúint le ranganna ilchumais sa dara bliain in ionad grúpáil de réir cumais. Bunaithe ar thorthaí caighdeánaithe agus ar eolas ón

bhfoireann oideachais speisialta, soláthraíodh múinteoir breise chun tacaíocht ionranga a thabhairt do scoláirí a raibh a gcumas cumarsáide ag cur srian lena gcumas lánpháirt a ghlacadh sa rang. Socraíodh suíocháin na ranganna ar bhealach a chuirfeadh na scoláirí seo ag obair le comhscoláirí dearfacha agus muiníneacha sa Ghaeilge. Aontaíodh freisin go mbeadh idirghníomhú cainte mar phríomhthosaíocht i measúnú deiridh an chéad aonaid foghlama.

Mhínigh na múinteoirí cuspóir na n-athruithe dá gcuid scoláirí, ag cur béime ar an raon scileanna teanga a fhorbraítear i bhfoghlaim teanga. Míníodh ról an mhúinteora tacaíochta agus, bunaithe ar mholtaí na scoláirí, cruthaíodh spléach-chartaí agus póstaeir ar a raibh samplaí de theanga na hidirghníomhaíochta chun tacú leis na foghlaimeoirí ba dhrogallaí.

Tháinig athrú suntasach ar eispéireas foghlama na scoláirí dá bharr. Mhéadaigh misneach agus muinín na spriocscoláirí, agus thuig scoláirí nárbh í Gaeilge ná Béarla a dteanga bhaile gur buntáiste ab ea a n-ilteangachas i sealbhú teanga eile. Leis na deiseanna ar idirghníomhú trí Ghaeilge, d'fheabhsaigh a scileanna éisteachta agus cainte. Mar gheall ar an aitheantas a tugadh dá dteanga bhaile, thosaigh siad ag déanamh comparáide idir a dteanga féin agus an Ghaeilge, rud a chuidigh leo a stíleanna foghlama a thuiscint. Dúirt scoláirí a raibh Gaeilge acu mar an dara teanga gur leathnaigh an plé sa rang mar gheall ar an ilchultúrachas agus gur oscailte a ndearcthaí dá bharr. Mar thoradh ar an atmaisféar nua seo, thosaigh go leor scoláirí ag labhairt na Gaeilge lena múinteoirí as a stuaim féin.

An doiciméad seo a úsáid chun tacú le do straitéis scoile uile FMS – sampla praiticiúil

	An Scoil Uile	Roinn na Gaeilge
Fócas a aithint	Ról níos láidre ag teicneolaíochtaí digiteacha in eispéireas foghlama na scoláirí ar mhaithe leis an **bhfoghlaim neamhspleách** a chur chun cinn	Ceisteanna dúinn féin mar mhúinteoirí: • Cén úsáid a bhaineann foghlaimeoirí teanga eiseamláireacha nó rathúla as teicneolaíochtaí digiteacha sa rang agus lasmuigh den rang? • Conas mar a chabhraítear le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí húsáid teicneolaíochtaí digiteacha?
Fianaise a bhailiú	Cuir chuige fhéideartha [1] • Fócasghrúpa scoláirí • Ceistneoirí / bileoga athmhachnamhacha do scoláirí • Suirbhé ar thuismitheoirí • Machnamh aonair an mhúinteora • Machnamh ag leibhéal roinne • Plé le ranna eile agus le scoileanna eile	Fiosróimid leas teicneolaíochtaí digiteacha chun cabhrú le scoláirí: • a bheith páirteach sa rang • dul chun cinn a dhéanamh sa Ghaeilge • comhoibriú le húsáideoirí/foghlaimeoirí teanga eile • foghlaim go neamhspleách ar an múinteoir

[1] Tá aiseanna, eiseamláirí de dhea-chleachtas san áireamh, ar fáil ag DLPlanning.ie iar-bhunscoileanna

Anailís a dhéanamh agus breithiúnais a dhéanamh	Léirítear san fhianaise na buntáistí a bhaineann le comhtháthú na dteicneolaíochtaí digiteacha: • Spreagtar rannpháirtíocht scoláirí, go háirithe foghlaimeoirí drogallacha le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha • Éascaítear an comhoibriú idir baill fhoirne leis na hardáin roinnte • Cumasaítear scoláirí chun breis freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha. Is léir áfach go bhfuil gá le: • polasaithe áirithe a oiriúnú • infreastruchtúr téagartha • hoiliúint chuí ar mhúinteoirí agus scoláirí	Léirítear san fhianaise láidreachtaí agus réimsí feabhais: • Cuireann teicneolaíochtaí digiteacha beocht agus úire leis an gcaoi a gcuirtear ábhar nua ós comhair foghlaimeoirí, go háirithe na saothair litríochta • Taitníonn sé le scoláirí acmhainní teanga digiteacha a úsáid, go háirithe acmhainní a chuireann iad i dteagmháil le hábhair i nGaeilge atá nasctha lena réimse spéise • Le huirlisí digiteacha, tacaítear le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu eagar a choinneáil ar obair agus rannpháirtíocht leanúnach a spreagadh • Leathnaítear, le teicneolaíochtaí digiteacha, rogha na bhformáidí inar féidir le scoláirí a gcuid scileanna teanga agus cruthaitheachta a léiriú, agus cabhraítear le scoláirí a ndul chun cinn a léiriú agus samplaí dá gcuid oibre a chruinniú le ríomh-phunann • Féadann foghlaimeoirí leas níos cruthaithí a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun réimse scileanna cumarsáide a fheabhsú agus a léiriú • Éascaítear, le teicneolaíochtaí digiteacha, an obair i gcomhar le linn agus lasmuigh de cheachtanna Gaeilge, piarmheasúnú san áireamh

Tuairisc agus plean feabhsúcháin a scríobh agus a chomhroinnt	• Forbraíonn an scoil plean don fhoghlaim dhigiteach ina léirítear an chaoi a ngníomhófar chun na cleachtais dhearfacha atá aitheanta a fhorbairt agus a fhorleathnú • Treoraítear próisis chinnteoireachta agus cabhraítear le forbairt spriocanna intomhaiste leis na caighdeáin chuí in ABSA 2022 (uasdátaithe Eanáir 2024) • Baintear na spriocanna seo amach trí bheith ag gníomhú i gcomhar a chéile (ag leibhéal scoile uile, ag leibhéal ranna agus go tras-rannach) agus go hindibhidiúil	• Le go mbeidh tionchar ag an bplean feabhsúcháin scoile ar ranganna Gaeilge, mar chéad chéim, beartaítear ar obair chruthaitheach na scoláirí a chnuasú i bhfoirm r-phunainne • Fiosraíonn an roinn, i gcomhar le ranna eile, na hardáin is oiriúnaí. Leathnófar leis an bhforbairt seo na slite ar a dtabharfaidh scoláirí faoi thascanna maille leis na formáidí a n-úsáidfidh scoláirí chun a gcuid foghlama a léiriú • Pléitear impleachtaí do chleachtais mheasúnaithe agus do pholasaithe scoile áirithe. Tuigtear go mbeidh ar mhúinteoirí cabhrú lena chéile chun an meán nua seo a úsáid go muiníneach. D'fhéadfaí líon na scrúduithe tí a laghdú toisc an measúnú ag leibhéal ranga a bheith ag soláthar níos mó sonraí gnóthachtála thar réimse níos leithne scileanna do mhúinteoirí • Meastar gur gá tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin athrú maidir leis an gcineál obair bhaile a d'fhéadfadh a bheith idir lámha ag scoláirí agus mar a chruinneofar é • Lorgaítear eolas ón bhfoireann Oideachais Speisialta ar thaithí scoláirí ar a gcuid oibre a stóráil go digiteach. Ag éirí as seo, aontaítear leagan amach na r-phunainne agus pléitear féidearthachtaí maidir le haiseolas foirmitheach a thabhairt do scoláirí • Socraítear amanna do mhúinteoirí chun léargas a roinnt ar an gcaoi ina bhfuil sé á chur i bhfeidhm le rang-ghrúpaí aonair • Aontaítear go lorgófar tuairimí scoláirí ar bhonn leanúnach agus grúpa fócais scoláirí a reáchtáil roimh dheireadh an chéad téarma • Aontaítear gurb í an mhórsprioc ná go mbeadh íosmhéid de thrí thasc cnuasaithe ag gach scoláire dara bliana ar an r-phunann roimh an sos meántéarma. Mar aitheantas ar éagsúlacht taithí na múinteoirí ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, fágtar faoi mhúinteoirí aonair é breithiúnas a dhéanamh maidir leis na formáidí a

		bheidh i gceist. Coimeádfar súil faoi leith ar aon athrú i leibhéil inspreagthachta scoláirí drogallacha. Beidh sé mar sprioc go mbeadh trí thasc cnuasaithe acu sin freisin agus cuirfear na múinteoirí a thacaíonn leo ar an eolas faoi seo
Plean feabhsúcháin a chur i ngníomh	• Leasaítear polasaithe úsáide inghlactha agus fón póca chun tacú leis an bplean • Spreagtar cur i bhfeidhm ag leibhéal na roinne ábhair trí ócáidí d'fhoghlaim ghairmiúil a sholáthar • Éascaítear comhoibriú tras-rannach ar mhaithe le comhsheasmhacht sa chur i bhfeidhm	• Tugann r-phunann saoirse do scoláirí a gcuid foghlama a léiriú i bhformáidí éagsúla • Féadann scoláirí athdhréachtú a dhéanamh ar a gcuid oibre bunaithe ar aiseolas foirmitheach óna múinteoirí nó comhairle ó chomhscoláire • Cláraíonn scoláirí go rialta san r-phunann a gcuid smaointe féin i dtaca lena ndul chun cinn sa Ghaeilge
Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhartha agus tionchar a mheas	• Ar éirigh linn na spriocanna a bhaint amach? • Cad go díreach a tharla sna cásanna inar éirigh go han-mhaith leis na gníomhaíochtaí feabhais? • An bhfuil cur i bhfeidhm comhsheasmhach ann? • An bhfuil gá le leasuithe? • An raibh an próiseas inbhainistithe?	Leasófar leagan amach theimpléid na n-aonad foghlama / scéimeanna oibre chun breathnóireachtaí na múinteoirí a chlárú. Clárófar na breathnóireachtaí de réir: • Rudaí atá níos fearr ó thaobh na foghlama – cá bhfios? • Rudaí atá dúshlánach - cá bhfios? • Rudaí a chabhraigh/chabhróidh liom/ linn/lenár scoláirí Gabhfar trí aon aiseolas ábhartha a thiocfaidh ón bpróiseas FMS ag leibhéal scoile uile. Cuirfear na foinsí fianaise seo ar fad san áireamh, agus réiteofar tuairisc don ardbhainistíocht faoi na ceannteidil seo: • Ar éirigh linn ár mórsprioc a bhaint amach? • Cad é an t-aiseolas ó scoláirí? • Conas a d'fhéadfaí tógaint ar a bhfuil bainte amach?

Foinsí tagartha breise chun tacú le ranna ábhair féinmheastóireacht a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar theagasc na Gaeilge

- Cuardaigh Tuairiscí Scoile
- a-bhfuil-le-hinsint-ag-cigireachtai-abhair-duinn-faoi-chur-i-bhfeidhm-na-sraithe-soise.pdf
- An Ghaeilge | Curriculum Online
- Siollabais-Nuashonraithe-na-hArdteistimeireachta_1.pdf
- Bonnleibheal-Siollabas-Nuashonraithe-na-hArdteistimeireachta-o-2010.pdf
- IB-Raiteas-an-Chlair-GA-INT.pdf
- Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla
- Díriú ar an bhFoghlaim | NCCA
- Gaeilge - Oide
- COGG | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta – COGG
- Táscairí ar Chleachtas
- SEC Home - State Examination Commission
- Circular_0071.2025.pdf
- DLPlanning.ie
- Féinmheastóireachta Scoile - Próiseas Sé-Chéim
- Doiciméid treoracha le haghaidh Féinmheastóireacht Scoile (FMS)
- Polasaí um Oideachas STEM agus Plean Forfheidhmithe